**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0229/2023**

3.7.2023

# TUARASCÁIL

ar thuarascáil 2022 ón gCoimisiún maidir leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin
(2022/2200(INI))

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

Rapóirtéir: Paulo Rangel

PR_INI

# CLÁR

**Leathanach**

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....................................3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ........................................................................................................26

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH.....................................27

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........27

## TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar thuarascáil 2022 ón gCoimisiún maidir leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin (2022/2200(INI))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, den pháirt eile[1],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1529 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Meán Fómhair 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um chúnamh Réamhaontachais (IPA III)[2],

– ag féachaint do thorthaí an chéad agus an dara cruinniú de Choiste Parlaiminteach Cobhsaíochta agus Comhlachais AE-na Boisnia agus na Heirseagaivéine, a tionóladh an 5 agus an 6 Samhain 2015 agus an 17 Meitheamh 2021 faoi seach,

– ag féachaint d'iarratas ar bhallraíocht in AE ón mBoisnia agus an Heirseagaivéin a tíolacadh an 15 Feabhra 2016,

– ag féachaint do dhearbhuithe ó chruinnithe mullaigh AE-na mBalcán Thiar an 17 Bealtaine 2018 i Sóifia, an 6 Bealtaine 2020 i Ságrab, an 6 Deireadh Fómhair 2021 in Brdo pri Kranju agus an 6 Nollaig 2022 i dTiorána,

– ag féachaint do chruinniú mullaigh Shóifia an 10 Samhain 2020, lena n-áirítear an Dearbhú maidir leis an gCómhargadh Réigiúnach agus an Dearbhú maidir leis an gClár Oibre Glas do na Balcáin Thiar,

– ag féachaint do thorthaí naoú Cruinniú Mullaigh Phróiseas Bheirlín an 3 Samhain 2022,

– ag féachaint do Chinneadh (AE) 2021/1923 ón gComhairle an 4 Samhain 2021 maidir le Beart Cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le fothú acmhainneachta Fhórsaí Armtha na Boisnia agus na Heirseagaivéine[3],

– ag féachaint do Chinneadh (AE) 2022/2353 ón gComhairle an 1 Nollaig 2022 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun acmhainneachtaí Fhórsaí Armtha na Boisnia agus na Heirseagaivéine a neartú[4],

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle Eorpach an 24 agus an 25 Márta 2022,

– ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 23 agus an 24 Meitheamh 2022 maidir leis an Úcráin, na Balcán Thiar agus maidir le hiarratais ar bhallraíocht na

---

[1] IO L 164, 30.6.2015, lch. 2.
[2] IO L 330, 20.9.2021, lch. 1.
[3] IO L 391, 5.11.2021, lch. 45.
[4] IO L 311, 2.12.2022, lch. 149.

hÚcráine, Phoblacht na Moldóive agus na Seoirsia, na mBalcán Thiar agus an caidreamh seachtrach,

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle Eorpach an 15 Nollaig 2022 lena ndeonaítear stádas mar thír is iarrthóir AE don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 29 Bealtaine 2019 dar teideal 'Tuairim ón gCoimisiún maidir le hiarratas na Boisnia agus na Heirseagaivéine ar bhallraíocht san Aontas Eorpach' (COM(2019)0261) agus an tuarascáil anailíseach a ghabhann léi (SWD(2019)0222),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Feabhra 2020 dar teideal *Enhancing the accession process – A credible EU perspective for the Western Balkans* [An próiseas aontachais a fheabhsú – Peirspictíocht inchreidte AE do na Balcáin Thiar] (COM(2020)0057),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2020 dar teideal 'Tacaíocht do na Balcáin Thiar chun dul i ngleic le COVID-19 agus leis an téarnamh iarphaindéimeach – rannchuidiú an Choimisiúin roimh an gcruinniú idir AE agus ceannairí na mBalcán Thiar ar an 6 Bealtaine 2020' (COM(2020)0315),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 6 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal 'Plean Eacnamaíoch agus Infheistíochta do na Balcáin Thiar' (COM(2020)0641),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2022 dar teideal 'Teachtaireacht 2022 maidir le Beartas AE um Méadú' (COM(2019)0528),

– ag féachaint do dhoiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin an 12 Deireadh Fómhair 2022 dar teideal 'Tuarascáil 2022 na Boisnia agus na Heirseagaivéine' (SWD(2022)0336),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2021 maidir le Straitéis an Aontais chun dul i ngleic leis an gCoireacht Eagraithe 2021-2025 (COM(2021)0170),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 7 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal 'Aontas an Chomhionannais: Creat straitéiseach an Aontais Eorpaigh maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach' (COM(2020)0620),

– ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas,

– ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh,

– ag féachaint don Choinbhinsiún maidir le Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol i gComhthéacs Trasteorann, arna ghlacadh an 25 Feabhra 1991,

– ag féachaint do Choinbhinsiún UNESCO an 20 Deireadh Fómhair ar Éagsúlacht Léirithe Cultúir a Chosaint agus a Chur Chun Cinn,

– ag féachaint do Choinbhinsiún UNESCO an 17 Deireadh Fómhair 2003 maidir le caomhnú na hoidhreachta cultúrtha doláimhsithe,

– ag féachaint don Chompás Straitéiseach don tSlándáil agus don Chosaint a d'fhormheas an Chomhairle an 21 Márta 2022,

– ag féachaint do thuarascáil speisialta 01/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) an 10 Eanáir 2022 dar teideal 'Tacaíocht AE don smacht reachta sna Balcáin Thiar: in ainneoin iarrachtaí, tá fadhbanna bunúsacha fós ann', agus tuarascáil speisialta CIE an 3 Meitheamh 2021 dar teideal 'An bhréagaisnéis a dhéanann difear don Aontas Eorpach: táthar ag dul i ngleic léi ach tá sí fós le ceansú',

– ag féachaint do thuarascáil ó shaineolaithe an 5 Nollaig 2019 maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an smacht reachta sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin,

– ag féachaint do thuairim ó Choimisiún na Veinéise an 11 Márta 2005 maidir leis an staid bhunreachtúil sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin agus do chumhachtaí an Ardionadaí, agus do na moltaí uaidh ina dhiaidh sin maidir le hábhair bhunreachtúla sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin,

– ag féachaint do thiomsú tuairimí agus tuarascálacha ó Choimisiún na Veinéise an 14 Nollaig 2020 maidir le cobhsaíocht an dlí toghcháin,

– ag féachaint do na rialuithe ábhartha ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine i bhfabhar na ngearánaithe, lena n-áirítear Azra Zornić[5] agus Dervo Sejdić agus Jakob Finci[6], i measc daoine eile,

– ag féachaint do Chomhaontú Mostar a síníodh an 17 Meitheamh 2020 maidir le toghcháin a reáchtáil in Mostar,

– ag féachaint do chomhaontú polaitiúil an 12 Meitheamh 2022 maidir le prionsabail chun a áirithiú go mbeidh an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin feidhmiúil agus go rachaidh sí chun cinn ar an gconair Eorpach,

– ag féachaint d'Innéacs 2022 na nDearcthaí i dtaca le hÉilliú de chuid Transparency International, ina bhfuil an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin rangaithe mar 110 as 180 tír,

– ag féachaint don 62ú tuarascáil ón Ardionadaí maidir le Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe Síochána maidir leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin an 2 Samhain 2022 chuig Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe, agus do thuarascálacha roimh ré,

– ag féachaint do Rún 2658 (2022) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an 2 Samhain 2022, lena gcuirtear síneadh leis an bhfórsa faoi cheannas AE (EUFOR) sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin go dtí an 2 Samhain 2023,

– ag féachaint don chruinniú de Chomhairle an Atlantaigh Thuaidh i Maidrid an 29 Meitheamh 2022 agus do Dhearbhú Chruinniú Mullaigh ECAT i Maidrid,

– ag féachaint do chruinniú Airí Cosanta ECAT an 14 agus an 15 Feabhra 2023,

---

[5] Breithiúnas an 15 Iúil 2014.
[6] Breithiúnas an 22 Nollaig 2009.

– ag féachaint do Chomhaontú Síochána Dayton lena mbunaítear sainordú Mhisean na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin,

– ag féachaint do Bhunreacht na Boisnia agus na Heirseagaivéine, ina sonraítear go bhfuil trí theanga oifigiúla sa tír, agus do bhunreachtanna eintiteas Chónaidhm na Boisnia agus na Heirseagaivéine agus eintiteas Republika Srpska,

– ag féachaint do rún uaithi an 9 Iúil 2015 maidir le Comóradh Srebrenica[7],

– ag féachaint do rún uaithi an 17 Nollaig 2015 maidir le comóradh 20 bliain Chomhaontú Síochána Dayton[8],

– ag féachaint do mholadh uaithi an 19 Meitheamh 2020 chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir leis na Balcáin Thiar, tar éis chruinniú mullaigh 2020[9],

– ag féachaint do rún uaithi an 15 Nollaig 2021 ar an gcomhar i ndáil leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe sna Balcáin Thiar[10],

– ag féachaint do mholadh uaithi an 8 Meitheamh 2022 chuig an gComhairle agus chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir le Beartas Eachtrach, Slándála agus Cosanta AE tar éis chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine[11],

– ag féachaint do mholadh uaithi an 23 Samhain 2022 chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir le straitéis nua AE don mhéadú[12],

– ag féachaint do na rúin roimhe seo uaithi maidir leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin,

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A9-0229/2023),

A. de bhrí gurb ionann an méadú agus an ionstraim beartais eachtraigh is éifeachtaí atá ag AE, ceann de na beartais is rathúla de chuid an Aontais í, agus infheistíocht gheostraitéiseach sa tsíocháin mharthanach, sa daonlathas, sa rathúnas agus i gcobhsaíocht agus slándáil na mór-roinne ar fad; de bhrí go ndreasaítear agus go spreagtar cur chun cinn luachanna bunúsacha AE leis an mbeartas um méadú;

[7] IO C 265, 11.8.2017, lch. 142.
[8] IO C 399, 24.11.2017, lch. 176.
[9] IO C 362, 8.9.2021, lch. 129.
[10] IO C 251, 30.6.2022, lch. 87.
[11] IO C 493, 27.12.2022, lch. 136.
[12] IO C 167, 11.5.2023, lch. 105.

B. de bhrí nach mór do AE a ghealltanais a chomhlíonadh agus nach mór do cheannairí polaitiúla i dtíortha is iarrthóirí fíorthoil pholaitiúil a léiriú maidir le próisis athchóirithe; de bhrí go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar éifeachtacht aontachas AE agus ar thacaíocht na saoránach d'aontachas AE mar gheall ar chur siar arís agus arís eile sa phróiseas aontachais agus easpa fíorthoil pholaitiúil ó cheannairí polaitiúla i dtíortha is iarrthóirí;

C. de bhrí go bhfuil cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine tar éis an bonn a bhaint den tslándáil agus den chobhsaíocht ar mhór-roinn na hEorpa, gur léiríodh an riachtanas straitéiseach atá le lánpháirtiú AE agus gur cuireadh béim bhreise ar a thábhachtaí atá ailíniú an chomhbheartais eachtraigh agus slándála (CBES) i dtíortha is iarrthóirí; de bhrí gur spreag sé móiminteam nua sa mhéadú, rud a spreag AE le dlús a chur le seachadtaí chuig tíortha na mBalcán Thiar, a bhí go mór thar am;

D. de bhrí gur cheart gach tír sa phróiseas méadaithe a mheas ar a fiúntas féin, agus béim á leagan ar athchóirithe lárnacha, bunaithe ar chritéir Chóbanhávan maidir leis an smacht reachta, cearta bunúsacha, caighdeáin dhaonlathacha, breithiúnacht neamhspleách, cearta mionlach agus saoirsí na meán;

E. de bhrí gur san Aontas Eorpach atá todhchaí thíortha na mBalcán Thiar; de bhrí go bhfuil tromlach mór de dhaonra na Boisnia agus na Heirseagaivéine (BiH) ag iarraidh comhtháthú Eora-Atlantach ar mhaithe le síocháin, cobhsaíocht, daonlathas agus rathúnas inbhuanaithe a bhaint amach;

F. de bhrí gur deonaíodh stádas mar thír is iarrthóir ar AE ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin; de bhrí go mbraitheann a dul chun cinn breise i dtreo aontachas AE ar chomhlíonadh na 14 phríomhthosaíocht a sainaithníodh sa tuairim ón gCoimisiún maidir lena iarratas ar bhallraíocht AE; de bhrí gur iarr an Chomhairle ar cheannaireacht na Boisnia agus na Heirseagaivéine athchóirithe bunreachtúla agus toghcháin a thabhairt chun críche go práinneach;

G. de bhrí go n-éilíonn dul chun cinn na Boisnia agus na Heirseagaivéine i dtreo aontachas AE fíor-athmhuintearas, bunaithe ar chineál éagsúil, ilchultúrtha na tíre agus a heintiteas, ar urraim dá haontacht, dá ceannasacht agus dá hiomláine chríochach, ar chearta comhionanna agus ar neamh-idirdhealú dá saoránaigh uile, i gcomhréir le caighdeáin agus luachanna AE;

H. de bhrí, breis agus 25 bliana tar éis dheireadh an chogaidh, go bhfuil deighilt dhomhain fós roimh an tír, ar deighilt í atá spreagtha ag scothaicmí polaitiúla, iarrachtaí scarthacha ó cheannaireacht eintiteas Republika Srpska agus dúshláin maidir leis an smacht reachta, rialachas, cuntasacht, saoirse chun tuairimí a nochtadh agus na meáin, chomh maith le héilliú, a chuireann le himeacht na mílte saoránach gach bliain; de bhrí gur dúshlán fós é an t-idirdhealú sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin ar fhorais eitneachta, inscne agus ghnéaschlaonta, agus cosaint ceart daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad;

I. de bhrí, an 23 Márta 2023, gur ghlac Tionól Náisiúnta Republika Srpska leasuithe ar Chód Coiriúil Republika Srpska, lenar tugadh isteach arís pionóis choiriúla as clúmhilleadh, agus gur fhógair Uachtarán eintiteas Republika Srpska, Milorad Dodik, pleananna chun dlí 'gníomhaire coigríche' a thabhairt isteach;

J. de bhrí gurb ionann AE agus príomh-chomhpháirtí polaitiúil, trádála agus infheistíochta na Boisnia agus na Heirseagaivéine agus an soláthraí cúnaimh airgeadais is mó atá aici, go háirithe tríd an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III), chomh maith leis an bPlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta do na Balcáin Thiar agus Cúnamh Macra-Airgeadais;

K. de bhrí go bhfuil sé mar aidhm leis na gníomhaithe atá freagrach as trasnaíocht agus bréagaisnéis eachtrach urchóideach dhíreach agus ionadach cur leis an easaontas, an foréigean agus an teannas idir-eitneach, agus díchobhsú a dhéanamh ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin agus ar réigiún iomlán na mBalcán Thiar, go háirithe i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine; de bhrí go bhfuil sé mar aidhm leis na gníomhaíochtaí sin AE a chur i láthair mar chomhpháirtí neamhiontaofa, neamhbhainteach do na Balcáin Thiar;

*Tiomantas d'Aontachas le AE*

1. á chur in iúl gur geal léi cinneadh na Comhairle Eorpaí stádas mar iarrthóir a dheonú don Bhoisnia agus don Heirseagaivéin i gcomhthéacs réaltacht gheopholaitiúil athraithe, ar an tuiscint go ndéanfar roinnt céimeanna chun ullmhacht na tíre le haghaidh caibidlíocht aontachais a neartú; á athdhearbhú go dtacaíonn sí go soiléir le lánpháirtiú na Boisnia agus na Heirseagaivéine in AE, atá bunaithe ar aontacht, ar cheannasacht agus ar shláine críche;

2. ag aithint a thábhachtaí atá na Balcáin Thiar i mbeartas an Aontais um méadú, agus ag tathant ar AE dlús a chur leis an bpróiseas aontachais don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, bunaithe ar a fiúntas féin;

3. ag moladh an fhíorais go ndearnadh torthaí olltoghchán mhí Dheireadh Fómhair 2022 a chur chun feidhme go pras, gur ceapadh rialtas nua ar leibhéal an stáit, gur síníodh clár comhghuaillíochta agus gur cuireadh tús an athuair leis an gcinnteoireacht pholaitiúil; á chur in iúl gur geal léi ceapachán Uachtarán agus beirt Leas-Uachtarán Chónaidhm na Boisnia agus na Heirseagaivéine agus bunú rialtas ar leibhéal Chónaidhm na Boisnia agus na Heirseagaivéine agus a cantón; á chur in iúl gur oth léi na bacainní polaitiúla a chuir bac ar a thabhairt chun críche, ar bacainní iad ar cheart do ghníomhaithe intíre iad a shárú; ag tabhairt dá haire go ndearna an tArdionadaí idirghabháil chun an tsáinn pholaitiúil a dhíbhlocáil; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé go mbeadh údaráis i bhfeidhm ar gach leibhéal chun leanúint go rathúil leis na próisis athchóirithe is gá chun dul chun cinn a dhéanamh ar chonair an Aontais;

4. ag spreagadh na n-údarás polaitiúil uile an móiminteam a thapú chun dul chun cinn fóinteach a dhéanamh maidir leis na 14 phríomhthosaíocht a chur chun feidhme i gcomhréir le mianta na saoránach uile, agus cuntasacht na n-institiúidí agus cáilíocht agus trédhearcacht an phróisis á n-urramú; á chur in iúl gur oth léi luas mall an chur chun feidhme ó 2019 i leith; ag tathant ar na gníomhaithe polaitiúla uile deireadh a chur le bacainní institiúideacha, staonadh uathu agus iad a shárú, ar bacainní iad a chuireann moill ar chinnteoireacht thábhachtach, chun sleamhnú ar ais i mbeartais bhacacha agus i reitric náisiúnaíoch a sheachaint, agus chun tiomantas a léiriú i leith na n-athchóirithe riachtanacha a bhaineann leis an Aontas, tús áite a thabhairt dóibh agus dul chun cinn suntasach a dhéanamh ina leith trí dhul chun cinn a dhéanamh maidir leis na céimeanna

a leagtar amach sa mholadh ón gCoimisiún agus i gcomhaontú polaitiúil na Bruiséile an 12 Meitheamh 2022 maidir le prionsabail chun a áirithiú gur feidhmiúil a bheidh an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin;

5. á chur i bhfios go láidir gur gá conair na Boisnia agus na Heirseagaivéine i dtreo aontachas AE a dhaingniú i bhfeidhmiú institiúidí daonlathacha, an smachta reachta, dea-rialachas, an chomhraic i gcoinne an éillithe agus na coireachta eagraithe, urraim do chearta bunúsacha agus comhionannas agus neamh-idirdhealú do gach saoránach;

6. á iarraidh go ndéanfaí comhordú, comhchuibhiú agus ailíniú comhsheasmhach ar fud na tíre le caighdeáin AE ar fud réimsí beartais, agus go ndéanfaí iad a chomhtháthú, chomh maith le pleanáil agus faireachán feabhsaithe ar athchóirithe trí chomhordú polaitiúil agus teicniúil, lena n-áirítear trí chlár náisiúnta a ghlacadh chun go ndéanfaidh údaráis inniúla na Boisnia agus na Heirseagaivéine *acquis* AE a ghlacadh gan a thuilleadh moille;

7. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) leanúint de thacaíocht airgeadais agus theicniúil a sholáthar do lánpháirtiú na Boisnia agus na Heirseagaivéine in AE bunaithe ar fhiúntas agus ar choinníollacht dhocht, cuntasacht, trédhearcacht agus cuimsitheacht próiseas athchóirithe a chur chun cinn agus a iarraidh, mínithe mionsonraithe agus critéir tomhais a fhoilsiú do na 14 phríomhthosaíocht chun feasacht na saoránach a ardú maidir leis na tairbhí a bhaineann le lánpháirtiú AE agus acmhainneachtaí faireacháin sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin a neartú; á iarraidh go mbeadh comhar comhordaithe acu le húdaráis na Boisnia agus na Heirseagaivéine, chomh maith le comhpháirtithe ábhartha, lena gcothófaí dálaí a bheadh fabhrach do dhul chun cinn maidir le lánpháirtiú AE; á chur in iúl gur geal léi, sa chomhthéacs sin, an chéad chruinniú den Fhóram Ardleibhéil Polaitiúil sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin, a tionóladh i Sairéavó an 17 Bealtaine 2023;

8. á mheabhrú gur cúis bhuartha di na líomhaintí maidir le ról an Choimisinéara um an gComharsanacht agus um Méadú; ag meabhrú oibleagáidí na gCoimisinéirí maidir le hionracas, discréid agus neamhspleáchas, i gcomhréir leis an gCód Iompair do Chomhaltaí an Choimisiúin; ag tathant ar an gCoimisiún, arís eile, imscrúdú neamhspleách agus neamhchlaonta a thionscnamh cibé an sárú ar an gCód Iompair do Chomhaltaí an Choimisiúin agus ar oibleagáidí an Choimisinéara faoi na Conarthaí é iompar an Choimisinéara um an gComharsanacht agus um Méadú agus na beartais arna gcur chun cinn aige;

9. ag athdhearbhú a tacaíochta do shainorduithe Oifig an Ardionadaí (OHR) a mhéid a bhaineann leis na gnéithe sibhialtacha, go háirithe maidir le cobhsaíocht agus próisis dhaonlathacha a fheabhsú sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin, agus Oibríocht Althea EUFOR a mhéid a bhaineann leis na gnéithe míleata a bhaineann le maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme Chomhaontú Síochána Dayton, go dtí go mbeidh an ‘clár oibre 5+ 2’ comhlíonta ag an tír agus go mbeidh deireadh lena maoirseacht idirnáisiúnta;

10. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar SEGS dul i dteagmháil go dearfach le hOifig an Ardionadaí agus le Athlea EUFOR agus brath orthu chun cobhsaíocht sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin a chaomhnú, agus ar an gcaoi sin iarrachtaí aontachais AE a éascú; á

iarraidh ar Bhallstáit AE tacú leis an rannpháirtíocht sin agus freagairt go práinneach do na dúshláin atá cruthaithe ag an Rúis a mhéid a bhaineann le slándáil na hEorpa, don teannas méadaithe sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin agus do na gníomhartha scarthacha lena mbaintear an bonn de Chomhaontú Síochána Dayton;

11. á chur in iúl gur geal léi gur cuireadh síneadh le sainordú Althea EUFOR go dtí mí na Samhna 2023; á mheabhrú go bhfuil ról bunriachtanach fós ag an misean sin maidir le slándáil agus cobhsaíocht na Boisnia agus na Heirseagaivéine, lena n-áirítear tacú le limistéir ina bhfuil mianaigh a ghlanadh; á chur in iúl gur geal léi, sa chomhthéacs sin, a faireachán agus a rialú ar scriosadh armlóin bhreise agus arm breise; á iarraidh ar AE agus ar a chomhpháirtithe idirnáisiúnta láithreacht leanúnach Althea EUFOR agus athnuachan sainordú amach anseo a áirithiú, chomh maith le hacmhainneachtaí neartaithe, chun é a dhéanamh níos oiriúnaí do riachtanais oibríochtúla, agus freisin i gcás bagairtí tobanna agus an gá atá le freagairt faoi ghearrfhógra; á iarraidh go ndéanfaí breithniú ar phearsanra agus acmhainneachtaí breise a imscaradh do Althea EUFOR i ndáil le ceantar Brčko;

12. á chur in iúl gur geal léi gníomhaíochtaí ESCE sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin, *inter alia*, a rannpháirtíocht i rialú arm, in athchóiriú na hearnála slándála, in imscrúduithe coireachta cogaidh agus sa chomhrac i gcoinne na gáinneála ar dhaoine; ag cur béim ar a gníomhaíochtaí maidir le comhionannas inscne agus ar a tacaíocht don dea-rialachas agus d'athchóiriú na meán, don tsochaí shibhialta, do thionscnaimh chearta an duine agus do chosc coinbhleachtaí; ag aithint idirphlé na Boisnia agus na Heirseagaivéine le ESCE chun cobhsaíocht agus athmhuintearas a chur chun cinn;

13. ag moladh ailíniú méadaithe na Boisnia agus na Heirseagaivéine le CBES AE; ag tathant go ndéanfaí feabhas leanúnach agus ailíniú iomlán i ndáil leis sin, agus go seachnófaí neamhréireachtaí i seasaimh an bheartais eachtraigh; á iarraidh go láidir ar na gníomhaithe uile ionradh iomlán na Rúise ar an Úcráin a cháineadh go haonchiallach agus a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach na smachtbhannaí spriocdhírithe uile a eascraíonn as ailíniú CBES, go háirithe i gcoinne na Rúise agus na Bealarúise;

14. á chur in iúl gur geal léi vóta na Boisnia agus na Heirseagaivéine i bhfabhar rúin ábhartha ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus fionraí na Rúise ón gComhairle um Chearta an Duine; á chur in iúl gur saoth léi, áfach, an seasamh atá ag ceannaireacht eintiteas Republika Srpska ar son na Rúise agus gur bronnadh idirdhealú ar Vladimir Putin; ag cáineadh go láidir an chuairt a thug Milorad Dodik agus Nenad Stevandić, Cainteoir Thionól Náisiúnta Republika Srpska, ar Mhoscó an 23 agus an 24 Bealtaine 2023, agus a gcruinnithe le Vladimir Putin agus le gníomhaithe polaitiúla ardleibhéil eile de chuid na Rúise; ag diúltú go daingean do na ráitis agus don reitric a cuireadh in iúl i gcomhthéacs na cuairte sin agus á chur in iúl gur cúis mhór imní di i gcónaí na himpleachtaí slándála a bhaineann le naisc le hoifigigh shinsearacha na Rúise; ag cáineadh na gcruinnithe le gníomhaithe polaitiúla ardleibhéil na hIaráine agus an staonta a bhí ann i vótáil na Náisiún Aontaithe ar an Iaráin, le linn sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa tír agus seachadadh ladrann chuig an Rúis i gcomhthéacs a cogaidh i gcoinne na hÚcráine; á iarraidh ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin í féin a scaradh go hinchreidte ó chórais fhrithdhaonlathacha;

15. ag tacú go láidir le mianta leanúnacha na Boisnia agus na Heirseagaivéine maidir le lánpháirtiú Eora-Atlantach agus ballraíocht ECAT agus á iarraidh ar na gníomhaithe polaitiúla uile gníomhú ina leith le gníomhaíocht pholaitiúil nithiúil; á chur in iúl gur geal léi rannpháirtíocht Aire Cosanta na Boisnia agus na Heirseagaivéine i gCruinniú Mullaigh ECAT 2022 i Maidrid, tiomantas ECAT borradh a chur faoi thacaíocht shaincheaptha don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin chun sláine agus athléimneacht a chothú, acmhainneachtaí a fhorbairt agus neamhspleáchas polaitiúil a chaomhnú, agus a phacáiste cabhrach don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin; á chur in iúl gur geal léi, thairis sin, an cinneadh ón gComhairle maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána ar fiú EUR 10 milliún é chun tairbhe Fhórsaí Armtha na Boisnia agus na Heirseagaivéine (AFBiH) agus an Chonartha Comhair agus Oiliúna do 2023 idir AFBiH agus EUFOR; á iarraidh ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin oibriú i dtreo aonaid il-eitneacha AFBiH a bhunú;

16. á cháineadh go láidir go raibh reitric ghríosaitheach arís is arís eile mar aon le dlíthe agus beartais athfhillteacha ag ceannaireacht eintiteas Republika Srpska, lena n-áirítear ceiliúradh ar an lá míbhunreachtúil ar a dtugtar ‘Lá Republika Srpska’, agus imeachtaí eile a chruthaíonn teannas, chomh maith le diúltú rialuithe Chúirt Bhunreachtúil na Boisnia agus na Heirseagaivéine a chur chun feidhme; á cháineadh go raibh oifigigh ardleibhéil rialtais na Seirbia i láthair ag an ócáid mhíbhunreachtúil ‘Lá Republika Srpska’; á chur i bhfios go láidir go ndéanann na gníomhaíochtaí sin an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin a dhíchobhsú, go mbaineann siad an bonn de Chomhaontú Síochána Dayton, go dtagann siad salach ar pheirspictíocht AE na Boisnia agus na Heirseagaivéine agus go gcuireann siad rochtain ar chistiú AE i mbaol; á chur in iúl gur saoth léi, sa chomhthéacs sin, cinneadh rialtas eintiteas Republika Srpska chun teagmhálacha taidhleoireachta le hionadaithe oifigiúla na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe a chiorrú;

17. ag tathant ar na hinstitiúidí ábhartha idirnáisiúnta agus ar institiúidí ábhartha AE dlúthfhaireachán a dhéanamh ar fhorbairt na bhfórsaí póilíneachta in eintiteas Republika Srpska, agus béim ar leith á leagan ar fheidhmeanna paraimíleata nó míleata a fhorbairt, a d’fhéadfadh teannas breise a chruthú, a d’fhéadfadh an tslándáil agus an chobhsaíocht a chur i mbaol sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, agus a d’fhéadfadh a bheith ar neamhréir le Comhaontú Síochána Dayton;

18. 18. ag cáineadh go láidir dearbhú comhpháirteach ón tromlach rialaithe in eintiteas Republika Srpska maidir le maoin stáit a chosaint agus stádas bunreachtúil eintiteas RS, a d’iarr aonad speisialta chun faireachán a dhéanamh ar an líne idireintitis;

19. á iarraidh an athuair go nglacfaí smachtbhannaí spriocdhírithe i gcoinne gníomhaithe díchobhsaitheacha sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin, lena n-áirítear iad siúd a chuireann a ceannasacht agus a sláine chríochach i mbaol, go háirithe Milorad Dodik, agus i gcoinne oifigigh ardleibhéil eile Republika Srpska agus oifigigh tríú tír a thugann tacaíocht pholaitiúil agus ábhartha do bheartais scarthacha; á iarraidh ar na Ballstáit uile a áirithiú go bhféadfaidh an Chomhairle na smachtbhannaí sin a ghlacadh; á mheabhrú go bhfuil creat AE do bhearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin i bhfeidhm go dtí an 31 Márta 2024;

20. ag cáineadh gach cur isteach eachtrach urchóideach, feachtas bréagaisnéise agus iarrachtaí díchobhsaithe ag gníomhaithe idirnáisiúnta agus réigiúnacha sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin, go háirithe díchobhsú leanúnach na Rúise ar na Balcáin Thiar; á chur in iúl gur cúis mhór imní di i gcónaí naisc, cuairteanna agus cruinnithe ardphróifíle idir ceannaireacht eintiteas Republika Srpska agus daoine polaitiúla ardleibhéil agus oifigigh shinsearacha sa Rúis, láithreacht agus gníomhaíochtaí féideartha Ghrúpa Wagner sa tír, chomh maith le insintí bolscaireachta na Rúise arna scaipeadh ag gníomhaithe eachtracha agus intíre, lena n-áirítear iad siúd a léiríonn an tAontas mar chomhpháirtí neamhiontaofa neamhbhuartha;

21. á iarraidh ar gach tír sa réigiún gealltanas a thabhairt do chobhsaíocht agus d'iomláine chríochach na Boisnia agus na Heirseagaivéine, úsáid na reitrice ghríosaithí a cháineadh agus rannchuidiú ar bhealach cuiditheach le dul chun cinn na Boisnia agus na Heirseagaivéine i dtreo aontachas AE;

22. á iarraidh ar an gCoimisiún, ar SEGS, ar Thoscaireacht AE chuig an mBoisnia agus an Heirseagaivéin agus ar údaráis na Boisnia agus na Heirseagaivéine dlús a chur leis na hiarrachtaí chun na tairbhí a bhaineann le lánpháirtiú níos dlúithe a chur chun cinn agus infheistíocht a dhéanamh i bhfeachtais chumarsáide chun tionchar eachtrach agus insintí urchóideacha a chomhrac, lena n-áirítear trí fhreagairtí fianaise-bhunaithe ar bhagairtí den sórt sin, agus trí fhaireachán StratCom a leathnú chun díriú ar bhagairtí bréagaisnéise trasteorann; ag moladh go dtionólfaí plé le sochaí shibhialta na mBalcán Thiar agus leis an earnáil phríobháideach chun iarrachtaí frith-bhréagaisnéise a chomhordú go réigiúnach le saineolas áitiúil; á chur in iúl gur geal léi gur sheol Oifig AE sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin feachtas chun dul chun cinn maidir le lánpháirtiú AE a spreagadh dar teideal 'Is gearr uainn an dul chun cinn';

23. á iarraidh ar an Aontas an comhar le Comhpháirtithe na mBalcán Thiar a mhéadú chun athléimneacht dhaonlathach a neartú agus chun bagairtí hibrideacha a chomhrac, lena n-áirítear maidir leis an gcibearshlándáil, bonneagair chriticiúil a chosaint agus an tslándáil bia agus fuinnimh; á mheabhrú gur admhaigh an Chomhairle sa Chompás Straitéiseach nach bhfuil slándáil ná cobhsaíocht le fáil sna Balcáin Thiar go fóill agus go bhféadfadh iarmhairtí a bheith ann mar gheall ar an meath atá ag teacht ar shlándáil na hEorpa;

24. á chur i bhfáth gur gá an smacht reachta, an dea-rialachas, an comhrac i gcoinne an éillithe agus na coireachta eagraithe, an t-iolrachas, tacaíocht do na meáin shaora agus neamhspleácha, cearta bunúsacha agus ailíniú le CBES a phríomhshruthú i gcistiú IPA III de chuid AE, nach mór a bheith bunaithe ar choinníollacht dhocht agus nach mór a mhodhnú, nó a chur ar fionraí fiú, i gcás cúlchéimniú suntasach nó easpa leanúnach dul chun cinn sna réimsí sin, mar a chumhdaítear i Rialachán IPA III, agus atá faoi chosaint ag maoirseacht chuimsitheach agus chríochnúil ag an gCoimisiún; ag athdhearbhú a hiarrata ar an gCoimisiún treoirlínte a fhorbairt maidir le cur i bhfeidhm na coinníollachta, agus moltaí Thuarascáil Speisialta CIE 01/2022 a chur chun feidhme;

25. á mheabhrú nach mór go bhfanfadh cistiú AE do thionscadail in eintiteas Republika Srpska reoite go dtí go n-aisiompóidh eintiteas Republika Srpska cúlú daonlathach agus go dtí go mbeidh sé ailínithe go hiomlán le CBES, go háirithe maidir le bearta sriantacha a chur chun feidhme; á iarraidh ar an gCoimisiún tuairim a lorg ó na Ballstáit

agus ó Pharlaimint na hEorpa sula dtosófar arís ar sholáthar cistí d'eintiteas Republika Srpska;

26. á iarraidh go gcuirfí feabhas ar ionsú cistí ar fud na tíre, lena n-áirítear ag riaracháin áitiúla agus réigiúnacha; ag tathant ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin córais bainistíochta airgeadais, rialaithe agus iniúchóireachta éifeachtúla a chur i bhfeidhm ar fud na tíre do chistí AE; á iarraidh go dtabharfar an cúnamh teicniúil agus airgeadais is gá don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin sa chomhthéacs sin; á chur i bhfáth gur chun leasa slándála AE agus a fhreagrachta atá sé a ráthú nach rannchuideoidh cistí AE le líonraí cliantaithe a neartú ná le héilliú;

27. á iarraidh ar AE agus ar thíortha na mBalcán Thiar creat chun comhoibriú éifeachtach idir Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) agus tíortha aontachais a bhunú, a áirithiú gur féidir le OIPE a hinniúlachtaí i réimse cistí AE a fheidhmiú go héifeachtach; á mholadh do thíortha na mBalcán Thiar socruithe oibre déthaobhacha a thabhairt i gcrích go pras le OIPE;

28. á chur in iúl gur geal léi gur bunaíodh comhlachtaí oibre Theach Phobail thionól parlaiminteach na Boisnia agus na Heirseagaivéine; á iarraidh go dtabharfadh an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin tiomantas athnuaite d'idirphlé beartais AE trí dhul i mbun comhar idirpharlaiminteach rialta go pras tríd an gCoiste Parlaiminteach Cobhsaíochta agus Comhlachais (SAPC), rud a rannchuideodh le comhlíonadh na 14 phríomhthosaíocht; á chur in iúl gur geal léi gur comhaontaíodh na rialacha nós imeachta do SAPC AE-BiH;

29. á chur in iúl gur geal léi rannpháirtíocht na Boisnia agus na Heirseagaivéine sa chéad chruinniú mullaigh agus sa dara cruinniú mullaigh den Chomhphobal Polaitiúil Eorpach, ach á chur i bhfáth nár cheart go mbeadh an tionscnamh dearfach sin ina rogha mhalartach ar lánpháirtiú AE;

***Daonlathas agus an smacht reachta***

30. á athdhearbhú go bhfuil ról lárnach ag an smacht reachta agus ag an tsláine institiúideach; á mheabhrú go bhfuil gá le caighdeáin seirbhíse sibhialta chomhchuibhithe, bunaithe ar fhiúntas ar fud leibhéil riaracháin na Boisnia agus na Heirseagaivéine, lena gcumasófar riarachán poiblí gairmiúil, cuíchóirithe, dípholaitithe agus cuntasach lenar féidir seirbhísí a sholáthar do shaoránaigh na Boisnia agus na Heirseagaivéine; á iarraidh ar ghníomhaithe polaitiúla na Boisnia agus na Heirseagaivéine tacú le struchtúr comhordaithe feidhmiúil agus é a bhunú chun athchóiriú an riaracháin phoiblí a stiúradh; á chur in iúl gur geal léi an dul chun cinn atá déanta maidir le cinn gníomhaireachtaí tábhachtacha stáit a cheapadh;

31. á chur in iúl gur geal léi go raibh na toghcháin a reáchtáladh i mí Dheireadh Fómhair 2022 dea-eagraithe agus iomaíoch go ginearálta, agus gur urramaíodh saoirsí bunúsacha comhlachais, comhthionóil agus cainte leis an bhfeachtas; á chur in iúl gurb oth léi, áfach, gur tharla siad i gcomhthéacs athchóirithe marbhánta, reitric scoilteach, bacainní polaitiúla agus airgeadais a tuairiscíodh, líomhaintí maidir le poist ag Coimisiúin na Stáisiún Vótála a thrádáil idir páirtithe polaitiúla, agus neamhrialtachtaí eile a tuairiscíodh do bhreathnóirí, lena n-áirítear cásanna de thionscadail leasa

shóisialta, forbartha agus bonneagair phoiblí arna dtionscnamh ag uachtaráin nó rialtais reatha sa tréimhse toghcháin; ag tathant ar na húdaráis bearta leormhaithe a dhéanamh chun fadhbanna le cistí poiblí agus mí-úsáidí cistí poiblí a chosc amach anseo agus chun aghaidh a thabhairt ar thrédhearcacht agus cuntasacht neamhleor maidir le hairgeadas an fheachtais; á chur in iúl gur cúis bhuartha di méid an chaiteachais phoiblí a úsáidtear ag iarraidh tionchar a imirt ar an toghlacht;

32. ag tabhairt dá haire gurb ann do na hathruithe a thug an tArdionadaí isteach i ndlí toghcháin agus i mbunreacht Chónaidhm na Boisnia agus na Heirseagaivéine, arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar roinnt saincheisteanna feidhmiúlachta; á chur in iúl go bhfuil imní uirthi, áfach, maidir le huainiú, trédhearcacht agus easpa comhairliúchán sna próisis sin; á iarraidh ar OHR gníomhú i gcomhréir lena sainordú, lena gcoisctear neartú deighiltí polaitiúla nó eitneacha agus teannais sa tír agus sa réigiún máguaird, agus á mheabhrú gur cheart Cumhachtaí Bonn a úsáid mar rogha dheiridh;

33. á chur in iúl gur oth léi mainneachtain na ngníomhaithe polaitiúla an bunreacht agus an creat toghcháin a thabhairt i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, trí mhainneachtain rialuithe na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a chur chun feidhme (i gcásanna Sejdić-Finci, Zornić, Pilav agus Šlaku); á chur in iúl gur oth léi freisin nár cuireadh rialuithe Chúirt Bhunreachtúil na Boisnia agus na Heirseagaivéine chun feidhme, rud a chuireann bac ar chearta polaitiúla comhionanna a bheith ann do gach saoránach; á iarraidh ar gach cinnteoir teacht ar chomhaontú, i gcomhréir le fíoraisc na gcúirteanna idirnáisiúnta agus intíre, chomh maith le comhaontú polaitiúil na Bruiséile an 12 Meitheamh 2022; ag tacú le hathchóirithe trédhearcacha agus cuimsitheacha a bhfuil comhairliúcháin chuimsitheacha agus idirphlé poiblí a bhfuil baint ag an tsochaí shibhialta mar bhonn taca leo, lena bhféadfaí athrú inbhuanaithe a dhéanamh ar Chomhaontú Síochána Dayton i gcomhréir le caighdeáin agus prionsabail Eorpacha, deighiltí a shárú agus comhionannas agus neamh-idirdhealú na saoránach uile agus ionadaíocht pholaitiúil atá éagsúil go leormhaith ar gach leibhéal rialachais a áirithiú, i gcomhréir le luachanna agus prionsabail an Aontais, agus dul chun cinn ar an mbealach i dtreo an Aontais;

34. ag athdhearbhú a hurraime d'oidhreacht Chomhaontú Síochána Dayton, ag meabhrú an chuspóra atá leis maidir le deireadh a chur leis an gcogadh agus an tsíocháin a choimirciú; ag tabhairt dá haire gurb ann do choincheap na mbunphobal ach á chur i bhfáth nár cheart go mbeadh an coincheap sin ina chúis le hidirdhealú i gcoinne saoránach eile nó nár cheart go dtabharfaí le tuiscint leis an gcoincheap sin go mbeadh aon chearta breise ann do dhaoine a dhéanann ionannú le ceann de na grúpaí sin i gcomparáid le saoránaigh eile na Boisnia agus na Heirseagaivéine; ag cáineadh ráiteas agus tograí arb é is aidhm dóibh an bonn a bhaint de státacht agus luachanna bunreachtúla na Boisnia agus na Heirseagaivéine, agus á mheabhrú nach mór don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh ina chreat bunreachtúil, agus é á thabhairt i gcomhréir le caighdeáin agus prionsabail an Aontais;

35. á iarraidh ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin rialacha cláraithe páirtithe a chomhchuibhiú agus trédhearcacht mhaoiniú na bpáirtithe polaitiúla a áirithiú i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta agus leis na moltaí ó chomhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha; ag aithint gur ghlac an Lár-Choimisiún Toghcháin (CEC) céimeanna agus á iarraidh go ndéanfaí a chumais a neartú, i gcomhréir lena nósanna imeachta dlíthiúla; ag

cáineadh go láidir gach cineál imeaglaithe agus bagairtí a dhéanann roinnt gníomhaithe polaitiúla sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin i gcoinne chomhaltaí den CEC agus ag spreagadh údaráis na Boisnia agus na Heirseagaivéine agus Thoscaireacht AE tacaíocht a thairiscint do chomhaltaí den CEC i gcás bagairtí; á chur in iúl gur geal léi an idirghabháil a rinne OHR an 7 Meitheamh 2022 chun sláine an phróisis toghcháin a fheabhsú agus chun ról CEC a neartú tar éis mhainneachtain na meithle idirghníomhaireachta um athchóiriú toghchánach agus Pharlaimint na Boisnia agus na Heirseagaivéine é sin a dhéanamh;

36. ag moladh go láidir go gcuirfí tionscnaimh ar bun chun feabhas a chur ar an bpróiseas daonlathach, ar institiúidí daonlathacha agus ar an smacht reachta sa tír, amhail treoirthionscadal AE chun córas leictreonach sainaitheanta vótálaithe a thabhairt isteach agus chun torthaí toghcháin a tharchur níos tapúla;

37. á iarraidh go ndéanfar bearta práinneacha chun sláine, neamhspleáchas agus gairmiúlacht na mbreithiúna a neartú bunaithe ar na 14 phríomhthosaíocht agus ar mholtaí Thuarascáil Priebe, lena n-áirítear trí choimircí breise agus trí rialacha agus critéir oibiachtúla a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir le leithdháileadh cásanna, ceapacháin, freagracht araíonachta, dul chun cinn gairme, coinbhleachtaí leasa agus fíorú shócmhainní na mbreithiúna agus na n-ionchúisitheoirí chun muinín an phobail a atógáil; á iarraidh go gcuirfí deireadh le ceartas roghnaitheach, leis an riaráiste cáis, le héilliú, le heaspa trédhearcachta agus leis an droch-mhaoirseacht, a bhaineann an bonn de theachtadh iomlán chearta na saoránach; á chur in iúl gur cúis bhuartha di na tuairiscí maidir le brú polaitiúil agus neamhrialtachtaí i roghnú breithiúna agus ionchúisitheoirí ardchéime;

38. ag athdhearbhú a hiarrata ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin leasuithe sláine, Dlí nua maidir leis an Ardchomhairle Bhreithiúnach agus Ionchúiseach (HJPC) agus Dlí nua maidir le Cúirteanna a ghlacadh i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha; á chur in iúl gur geal léi, dá bhrí sin, gur fhormheas Comhairle na nAirí an Dréachtdlí maidir le Leasuithe ar an Dlí maidir le HJPC, agus á iarraidh ar Thionól Parlaiminteach na Boisnia agus na Heirseagaivéine é a fhormheas; á iarraidh ar na húdaráis rochtain a cheadú d'iriseoirí ar thrialacha agus á iarraidh ar chúirteanna a gcinntí a fhoilsiú ar líne agus freagairt d'iarrataí ar shaoráil faisnéise ar bhealach tráthúil;

39. ag cur go láidir i gcoinne aon iarracht institiúidí comhthreomhara a bhunú ar leibhéal eintitis, lena ndéantar an t-ord bunreachtúil agus dlí a shladghearradh; ag cáineadh, ina leith sin, gur glacadh dlí eintiteas Republika Srpska maidir le Maoin Dochorraithe a úsáidtear ar mhaithe le Feidhmiú an Údaráis Phoiblí an athuair, dlí a chuir an Chúirt Bhunreachtúil ar fionraí roimhe sin agus a chuir an tArdionadaí ar fionraí faoi dhó; ag tabhairt dá haire go dearfach cinneadh OHR agus á iarraidh an athuair go ndéanfaí reachtaíocht eintitis a ailíniú le rialuithe na Cúirte Bunreachtúla; á iarraidh ar eintiteas Republika Srpska na dlíthe lena n-éilítear maoin stáit a tharraingt siar agus a chúlghairm láithreach, agus scor de shócmhainní stáit a athchlárú mar mhaoin Republika Srpska gan mhoill; ag cáineadh go láidir vóta Thionól Náisiúnta an eintitis Republika Srpska arb é is aidhm dó HJPC ar leith a bhunú, chomh maith lena conclúidí lena ndíospóidtear obair Chúirt Bhunreachtúil na Boisnia agus na Heirseagaivéine, ina n-iarrtar go ndéanfaí dímheas ar a chinntí críochnaitheacha agus ceangailteacha agus go gcuirfí bac ar a cuid oibre, chomh maith lena iarraidh ar bhreitheamh den Chúirt Bhunreachtúil éirí as;

40. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an easpa dul chun cinn atá déanta maidir le héilliú forleathan a chosc agus maidir le comharthaí méadaitheacha gabhála stáit, trasnaíochta polaitiúla agus bacainne, brú agus imeaglaithe; á iarraidh go mbainfí úsáid thrédhearcach as cúnamh airgeadais AE; á athdhearbhú gur gá imscrúdú a dhéanamh ar naisc pholaitiúla agus riaracháin leis an gcoireacht eagraithe; á chur in iúl gurb oth léi an easpa ciontuithe deiridh i gcásanna éillithe ardleibhéil, rud a d'fhéadfadh cultúr de shaoirse ó phionós a chothú; ag tathant ar na húdaráis imeachtaí coiriúla a sheoladh go tráthúil agus dlús a chur leis na hiarrachtaí chun rialuithe críochnaitheacha a ionchúiseamh go héifeachtach agus teacht ar rialuithe críochnaitheacha i gcásanna éillithe ardleibhéil;

41. ag tathant ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin dlíthe coinbhleachta leasa agus straitéis frithéillithe a ghlacadh, agus rialacha coinbhleachta leasa agus brústocaireachta a fhorfheidhmiú ar gach leibhéal riaracháin, mar aon le cosaint níos láidre do sceithirí, i gcomhréir le caighdeáin AE, agus a áirithiú go gcuirfidh institiúidí neamhspleácha na dlíthe atá ann cheana chun feidhme;

42. á iarraidh go mbeadh níos mó acmhainní agus inniúlachtaí ann do struchtúir frithéillithe, lena n-áirítear a rannpháirtíocht ghníomhach maidir le haghaidh a thabhairt ar mholtaí ón nGrúpa Stát i gcoinne na hÉillitheachta (GSE), chomh maith le pleananna sláine a ghlacadh do na struchtúir sin; á chur i bhfios an luach breise a bhaineann le comhar éifeachtach ar fud na tíre agus na hEorpa i measc gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí sa chomhrac i gcoinne an éillithe agus na coireachta eagraithe;

43. á chur in iúl gur geal léi gur ceapadh comhordaitheoir náisiúnta don Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Gníomhartha Coiriúla agus go bhfuil sí ag súil go mbeidh comhar na Boisnia agus na Heirseagaivéine le Europol agus Eurojust lánfheidhmiúil; á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, síniú an Leabhair Rialacha maidir le hoibriú an Phointe Teagmhála Náisiúnta/Comhpháirteach um chomhar le Europol; á iarraidh go mbeadh coimircí ann i gcoinne cur isteach polaitiúil ar obair na bpóilíní;

44. ag tathant ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin a reachtaíocht a ailíniú agus gníomhaíocht a dhéanamh maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac;

45. ag tabhairt dá haire go dearfach na céimeanna a glacadh chun ailíniú na ndlíthe soláthair phoiblí le *acquis* AE a mhéadú, chomh maith le plean a ghlacadh don tsláine agus don chomhrac i gcoinne an éillithe ag an nGníomhaireacht um Sholáthar Poiblí; á athdhearbhú go bhfuil gá le trédhearcacht, iomaíocht agus cóir chomhionann sa phróiseas soláthair phoiblí, chomh maith le mí-úsáid acmhainní poiblí a laghdú; á chur in iúl gur cúis bhuartha di i gcónaí leochaileachtaí na hearnála i leith éilliú agus neamhrialtachtaí, agus á iarraidh go mbeadh dlí soláthair ann lena dtabharfar aghaidh go leordhóthanach agus go leormhaith orthu; á iarraidh, dá bhrí sin, go ndéanfaí feabhas, lena n-áirítear trí acmhainneachtaí níos láidre chun faireachán, bainistiú agus tacaíocht a dhéanamh; á iarraidh go mbeadh reachtaíocht níos láidre agus níos éifeachtúla ann maidir le húsáid acmhainní nádúrtha agus go mbeadh níos mó trédhearcachta agus sláine ann, go suntasach i réimse na lamháltas, go háirithe maidir le roinnt mórthionscadal le cuideachtaí Síneacha agus Ungáracha;

*Athmhuintearas, comhar réigiúnach agus caidreamh maith idir comharsana*

46. á athdhearbhú a thábhachtaí atá an fíor-athmhuintearas, an comhar agus an chómhaireachtáil shíochánta sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin agus á iarraidh ar na húdaráis uile rochtain ar fhírinne, ar cheartas agus ar chúiteamh neamhroghnach a chur chun cinn go gníomhach agus a áirithiú; á chur in iúl gur geal léi tionscnaimh ar an leibhéal áitiúil lena ndéantar íospartaigh chogaidh shibhialta a chomóradh, críochnú an tséadchomhartha i gCeantar Brčko agus cinneadh OHR leasú a dhéanamh ar an Dlí maidir leis an Ionad do Chuimhneachán agus Reilig Srebrenica-Potočari d'Íospartaigh Chinedhíothú 1995, chun obair an Ionaid Cuimhneacháin a éascú;

47. á iarraidh ar cheannairí polaitiúla agus reiligiúnacha sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin oibriú i dtreo aontacht, cuimsitheacht, athmhuintearas agus síocháin a chur chun cinn; ag cáineadh na reitric ghríosaithí uile agus an cogadhghríosadh go léir a spreagann teannas agus deighiltí i sochaí na Boisnia agus na Heirseagaivéine;

48. á chur in iúl a dhlúthpháirtíocht iomlán le gach duine a tháinig slán as coireanna cogaidh, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, cinedhíothú, glanadh eitneach, easáitiú, fuadach, maruithe, céastóireacht agus ionsaí gnéasach, agus lena dteaghlaigh; ag cáineadh go láidir an t-athbhreithniú stairiúil uile, lena n-áirítear séanadh cinedhíothaithe, móradh coireanna cogaidh agus coirpigh chogaidh, agus conspóid fíricí agus binsí seanbhunaithe, go háirithe ag ceannairí polaitiúla, chomh maith le loitiméireacht suíomhanna cuimhneacháin; á chur i bhfios go láidir nach bhfuil gníomhartha agus reitric den sórt sin inghlactha agus go bhfuil siad contrártha le luachanna AE; á iarraidh go ndéanfar na cásanna sin a ionchúiseamh go héifeachtach; á chur in iúl gurb oth léi nár tionscnaíodh aon imeachtaí coiriúla agus nár tugadh aon déantóir ciona os comhair na cúirte, tar éis na leasuithe a thug iar-Ardionadaí Valentin Inzko isteach ar an gCód Coiriúil in 2021 lena ndéantar na gníomhartha sin a choiriúlú;

49. ag cáineadh, go háirithe, gur cuireadh toirmeasc ar mháirseáil chun comóradh a dhéanamh ar íospartaigh na sléachta ó fhórsaí slándála eintiteas Republika Srpska in Prijedor; ag cáineadh go láidir na n-ionsaithe foréigneacha an 25 Márta 2023 i gcoinne beirt fhillithe chuig Višegrad agus ag tathant ar údaráis Republika Srpska na cásanna sin a imscrúdú agus déantóirí na coire a thabhairt chun cuntais;

50. á thabhairt dá haire go dearfach gurb ann don laghdú leanúnach ar riaráiste cásanna coireanna cogaidh, ach á chur in iúl gur oth léi go bhfuil an luas fós mall, rud a chuireann bac ar an sprioc straitéiseach gach cás a réiteach á iarraidh, dá bhrí sin, go gcuirfí dlús le himeachtaí coiriúla i gcásanna coireanna cogaidh; ag tabhairt dá haire go bhfuil srianta leanúnacha ar chomhar breithiúnach réigiúnach ina leith sin; á chur in iúl gur cúis bhuartha di freisin go n-éalaíonn roinnt coirpigh chogaidh a ciontaíodh i gcúirteanna na Boisnia agus na Heirseagaivéine as an gceartas mar gheall ar dhéshaoránacht agus cónaí i stáit eile;

51. á iarraidh ar na húdaráis cur chun feidhme na Straitéise Náisiúnta athbhreithnithe i ndáil le Coireanna Cogaidh a Phróiseáil a áirithiú, go háirithe trí chásanna a roinnt go leormhaith idir oifigí na n-ionchúisitheoirí, agus tús áite á thabhairt do na cásanna is casta ar leibhéal an stáit; á iarraidh ar na húdaráis straitéis nua a ghlacadh don tréimhse tar éis 2030;

52. á iarraidh go ndéanfaí comhchuibhiú ar reachtaíocht atá dírithe ar réimse leathan ceart a ráthú d'íospartaigh shibhialtacha cogaidh; ag tabhairt dá haire go dearfach gur glacadh reachtaíocht maidir le hÍospartaigh Chogaidh Shibhialtacha a chosaint i gCeantar Brčko agus i gCónaidhm na Boisnia agus na Heirseagaivéine, ag aithint agus ag soláthar cearta do leanaí araon; ag tathant ar eintiteas Republika Srpska reachtaíocht a ghlacadh ina leith sin;

53. á iarraidh ar údaráis an stáit dlí a ghlacadh maidir le híospartaigh an chéasta le linn an chogaidh; á iarraidh go dtabharfaí tacaíocht do chomhroinnt taithí agus cleachtas na Boisnia agus na Heirseagaivéine maidir le cúnamh a thabhairt do mharthanóirí foréigin ghnéasaigh le linn an chogaidh le gníomhaithe atá ag obair anois le daoine a tháinig slán as foréigean gnéasach i gcomhthéacs chogadh foghach gan chúis agus gan údar na Rúise i gcoinne na hÚcráine;

54. á iarraidh go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí ar shaincheist na ndaoine atá ar iarraidh, lena n-áirítear an reachtaíocht ábhartha a chur chun feidhme agus ciste a bhunú a thacaíonn lena dteaghlaigh; ag spreagadh na n-údarás ar fud an réigiúin comhar agus comhroinnt faisnéise a threisiú;

55. á chur i bhfáth nach ndearnadh dul chun cinn leordhóthanach maidir le cur chun feidhme Iarscríbhinn VII de Chomhaontú Síochána Dayton maidir le dídeanaithe, daoine easáitithe ina dtír féin agus fillithe; ag athdhearbhú a hiarrata go ndéanfaí bearta breise agus cláir nithiúla maidir le filleadh inbhuanaithe, rochtain ar chúram sláinte agus ar fhostaíocht, cosaint shóisialta agus oideachas, agus lánurraim dá gcearta;

56. á chur in iúl gur geal léi rannpháirtíocht ghníomhach leanúnach na Boisnia agus na Heirseagaivéine sa chomhar réigiúnach; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá an comhar réigiúnach chun cobhsaíocht, rathúnas agus comhtháthú a chur chun cinn; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá tionscnaimh chuimsitheacha réigiúnacha amhail an Cómhargadh Réigiúnach, chomh maith le tionscnaimh atá ann cheana amhail an Tionscnamh Aidriadach Iónach, an Tionscnamh Lár-Eorpach (CEI), Próisis EUSAIR agus Bheirlín, agus iarrann sí go mbeidh sineirgí eatarthu;

57. á chur in iúl gur geal léi na comhaontuithe atá déanta le déanaí i gcomhthéacs Phróiseas Bheirlín maidir leis an tSaorghluaiseacht le Cártaí Aitheantais, maidir le Cáilíochtaí Ardoideachais a Aithint, agus maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla a Aithint do Dhochtúirí Leighis, Fiaclóirí agus Ailtirí agus á iarraidh go ndaingneofar go pras iad; ag tathant ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin a rannpháirteachas le tíortha comharsanachta a fheabhsú agus taisteal gan víosa a chumasú go pras idir an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin agus an Chosaiv;

58. á chur in iúl gur geal léi Dearbhú Comhpháirteach AE-na mBalcán Thiar maidir le Costais Fánaíochta; sa chomhthéacs sin, á iarraidh ar na húdaráis, ar na gníomhaithe príobháideacha agus ar na geallsealbhóirí uile éascú a dhéanamh ar bhaint amach na spriocanna a comhaontaíodh chun laghdú suntasach ar mhuirir fánaíochta ar shonraí a bhaint amach amhail ón 1 Deireadh Fómhair 2023 agus laghduithe breise as a dtiocfaidh praghsanna gar do na praghsanna baile faoi 2027;

59. 59. á chur in iúl gur geal léi na hullmhúcháin atá á ndéanamh ag Comhairle na nAirí do Chruinniú Mullaigh Digiteach na mBalcán Thiar, a thionólfar i Sairéavó an 2 Deireadh Fómhair 2023;

***Saoirsí bunúsacha agus cearta an duine***

60. ag cur béim ar an ról ríthábhachtach atá ag meáin neamhspleácha chun faisnéis chruinn, thráthúil agus thrédhearcach a chur in iúl; ag cáineadh go láidir ionsaithe agus bagairtí, feachtais chlúmhillte, maslaí, imeaglú agus cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí (SLAPP) i gcoinne iriseoirí agus oibrithe na meán, lena n-áirítear ag polaiteoirí agus daoine poiblí lena n-áirítear na hionsaithe a rinneadh le déanaí ar iriseoirí Aleksandar Trifunović agus Nikola Morača, agus ag cuideachtaí príobháideacha; á áitiú go ndéanfar obair leantach bhreithiúnach iomchuí, chórasach agus éifeachtach agus go ndéanfar iriseoirí a chosaint, lena n-áirítear trí shraith speisialta cosanta sa chód coiriúil agus acmhainneachtaí feabhsaithe na n-ionchúisitheoirí agus na mbreithiúna; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé trédhearcacht úinéireacht na meán agus inbhuanaitheacht airgeadais an chórais craolacháin phoiblí a áirithiú; á iarraidh ar an Aontas Eorpach a thacaíocht airgeadais agus theicniúil d’oiliúint ardchaighdeáin sna meáin agus san iriseoireacht a mhéadú, go háirithe do na meáin imscrúdaitheacha agus neamhspleácha;

61. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di tabhairt isteach agus breithniú parlaiminteach na leasuithe ar chód coiriúil eintiteas Republika Srpska lena dtugtar isteach arís pionóis choiriúla as clúmhilleadh; ag tathant ar eintiteas Republika Srpska na leasuithe a tharraingt siar agus cosaint iomlán a áirithiú don tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus do shaoirse na meán;

62. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé ionadaíocht leormhaith ar ghrúpaí mionlaigh agus ar ghrúpaí leochaileacha a áirithiú sna meáin phoiblí, chomh maith le hiolrachas na meán, ionadaíocht na bpobal agus na gcultúr uile, agus infhaighteacht inneachair sna teangacha oifigiúla uile;

63. á chur in iúl gur geal léi go bhfuair an scannán ‘Quo Vadis, Aida?’ Gradam Lucht Féachana LUX 2022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ó Acadamh na Scannán Eorpach; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, áfach, gur dhiúltaigh craoltóir poiblí Republika Srpska craoladh an scannáin seo faoi chinedhíothú Srebrenica; ag cáineadh an mhaoinithe phoiblí ó roinnt bardasachtaí Republika Srpska don scannán athbhreithnitheach bolscaireachta ‘Republika Srpska: An Comhrac ar son na Saoirse’;

64. ag cáineadh gach cineál idirdhealaithe, leithscartha, foréigin agus fuathchainte in aghaidh na mban, mionlach, lena n-áirítear mionlaigh eitneacha, daoine LGBTIQ+, daoine faoi mhíchumas, dídeanaithe, daoine easáitithe agus daoine atá ag bogadh, agus á iarraidh ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin a áirithiú go gcosnófar iad agus go mbeidh saoirsí bunúsacha acu; ag tathant go gcuirfí chun feidhme rochtain éifeachtach ar leigheasanna dlí agus go ndéanfaí cásanna den sórt sin a ionchúiseamh gan mhoill; á iarraidh ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin cearta na mionlach uile a chosaint agus a chur chun cinn ar fud na tíre, lena n-áirítear a gcearta chun páirt a ghlacadh i dtoghcháin daonlathacha; á mheabhrú gur gá neamhspleáchas agus éifeachtacht an Ombudsman um Chearta an Duine a neartú; á iarraidh go ndéanfar beartais frith-

idirdhealaithe agus beartais chearta an duine a chur i bhfeidhm go héifeachtach; á iarraidh ar údaráis na Boisnia agus na Heirseagaivéine sonraí staidrimh a bhailiú maidir le coireanna fuatha arna gcatagóiriú de réir spreagtha;

65. ag tabhairt dá haire tearcionadaíocht na mban sa pholaitíocht, sa saol poiblí agus i leibhéil níos airde seirbhísí slándála agus nach bhfuil measúnuithe tionchair inscne á ndéanamh de réir mar a cheanglaítear leis an dlí; á iarraidh ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin comhionannas inscne a áirithiú i ngach gné den saol poiblí agus den saol príobháideach; á iarraidh go ndéanfaí reachtaíocht maidir le comhionannas inscne a chomhchuibhiú le Coinbhinsiún Iostanbúl agus go gcuirfí straitéisí ábhartha i bhfeidhm; ag cáineadh na dteagmhas in Banja Luka le linn Lá Idirnáisiúnta na mBan; ag cáineadh go láidir rátaí méadaitheacha feimeamharaithe agus ag tathant ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin feabhas a chur ar na hiarrachtaí chun foréigean in aghaidh na mban a chosc chomh maith leis an bhfreagairt institiúideach ar fhoréigean gnéis agus inscnebhunaithe, sonraí maidir le feimeamharú a bhailiú, rochtain ar thacaíocht d’íospartaigh, ar chúnamh dlíthiúil agus ar chóiríocht shábháilte a mhéadú agus a fheabhsú, agus ionaid géarchéime a bhunú d’íospartaigh foréigin ghnéasaigh; á athdhearbhú gur cheart don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin dlús a chur le hionchúiseamh coireanna foréigin ghnéasaigh, lena dtabharfaí cúiteamh do mhná ar íospartaigh coireanna cogaidh iad agus lena ndaingneofar cosaint finnéithe;

66. á chur in iúl gur geal léi an rath a bhí ar an tríú mórshiúl Pride sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin in 2022, ach á chur in iúl gur oth léi go mbíonn bacainní riaracháin agus idirdhealú fós roimh an imeacht sin; á chur in iúl gur geal léi gur glacadh Plean Gníomhaíochta LGBTI don Bhoisnia agus don Heirseagaivéin 2021-2024 agus gur bunaíodh pointe fócasach a bheidh i gceannas ar mhaoirseacht a dhéanamh ar choireanna fuatha frith-LGBTIQ+ in Oifigí Ionchúisitheora Cantúin; á iarraidh ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin bearta praiticiúla a dhéanamh chun cuimsiú an fhoréigin i gcoinne phobal LGBTIQ+ a chur chun cinn agus chun é a chosc, lena n-áirítear trí ghnéaschlaonadh agus féiniúlacht inscne a chur le forálacha na fuathchoireachta i gcóid choiriúla;

67. á chur in iúl gur cúis bhuartha di bacainní polaitiúla ar shaoirse comhthionóil gníomhaithe LGBTIQ+ agus gríosú polaiteoirí áirithe chun foréigin; ag cáineadh an toirmisc ar chruinniú poiblí i Banja Luka i ndlúthpháirtíocht le gníomhaithe, iriseoirí agus daoine LGBTIQ+; ag cáineadh go láidir na n-ionsaithe foréigneacha agus an bhrú ar iriseoirí agus ar ghníomhaithe in Banja Luka ina dhiaidh sin, chomh maith leis an ngníomhaíocht neamhleor póilíneachta chun é a chosc; ag cáineadh pleananna cheannaireacht eintiteas Republika Srpska chun dlí nua a thabhairt isteach lena gcuirfear toirmeasc ar dhaoine LGBTIQ+ ó institiúidí oideachais;

68. á iarraidh go gcuirfí dlús le cosaint chearta an mhionlaigh Romach, lena n-áirítear an rochtain atá acu ar sheirbhísí poiblí, ar oideachas agus ar chúram sláinte; ag cáineadh an leithscartha agus an idirdhealaithe ina n-aghaidh, atá á ndéanamh go leanúnach, go háirithe i gcoinne leanaí Romacha san oideachas; á thabhairt chun suntais bochtaineacht dhíréireach na Romach; á chur in iúl gur geal léi, sa chomhthéacs sin, gur glacadh Plean Gníomhaíochta maidir le Cuimsiú na Romach;

69. ag tabhairt dá haire go bhfuil daoine faoi mhíchumas, go háirithe leanaí, ar cheann de na grúpaí is imeallaithe sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin; ag athdhearbhú a hiarrata ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin a áirithiú go ndéanfar iad a chosaint, straitéis a fhorbairt agus a ghlacadh maidir le dí-institiúidiú, lena dtabharfar saol faoi dhínit do dhaoine faoi mhíchumas, i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, ar sínitheoir leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le rochtain chomhionann ar thacaíocht; á chur in iúl gur oth léi go bhfuil go leor leanaí faoi mhíchumas fós á gcur in institiúidí;

70. á iarraidh ar Chónaidhm na Boisnia agus na Heirseagaivéine, ar eintiteas Republika Srpska agus ar Cheantar Brčko dlí a dhréachtú maidir le haitheantas dlíthiúil inscne a áirithiú bunaithe ar fhéinchinntiúchán, i gcomhréir le cleachtas na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine agus le hathbhreithniú na hEagraíochta Domhanda Sláinte ar ICD-11, a tháinig i bhfeidhm i mí Eanáir 2022, agus lena ndéantar díphaiteolaíocht ar fhéiniúlachtaí trasinscneacha i ngach réimse den saol;

71. á chur in iúl gur geal léi an dul chun cinn atá déanta maidir le dlí a fhorbairt ar leibhéal na Cónaidhme lena dtabharfaí rochtain do lánúineacha comhghnéis ar chearta páirtnéireachta; ag spreagadh an rialtais an dlí sin a dhréachtú gan mhoill; á iarraidh ar eintiteas Republika Srpska agus ar Cheantar Brčko próisis a thionscnamh freisin chun réitigh reachtacha a dhréachtú chun páirtnéireachtaí comhghnéis a aithint, d'fhonn cóir chomhionann a sholáthar do lánúineacha comhghnéis ar fud na tíre;

72. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá oideachas neamh-idirdhealaitheach, cuimsitheach agus ardcháilíochta, lena n-áirítear trí churaclaim a dhéanamh níos cuimsithí, agus éagsúlacht chultúrtha agus teanga á cur san áireamh, trí dheireadh a chur le hinneachar frithfhíorasach lena gcuirtear deighilt chun cinn, agus trí smaointeoireacht chriticiúil a chothú; ag athdhearbhú a hiarrata go gcuirfí deireadh práinneach le cleachtas leanúnach idirdhealaitheach 'dhá scoil faoi aon díon amháin', i gcomhréir le rialuithe cúirte; á mholadh go láidir an t-athmhuintearas a leabú sa phróiseas oideachais; á iarraidh ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin na bacainní riaracháin ar mhic léinn ar mian leo leanúint dá n-oideachas i gcantún nó in eintiteas eile a laghdú;

73. ag aithint an ról lárnach atá ag an tsochaí shibhialta maidir le hathléimneacht sochaithe daonlathacha agus próisis athchóirithe a fheabhsú; ag tacú le rannpháirtíocht níos déine na saoránach i bhfóraim ina ndéantar beartais a mhúnlú, amhail tionól saoránach ar fud na tíre sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin, agus ag tabhairt dá haire a mholtaí beartais; á iarraidh ar na húdaráis timpeallacht fhabhrach a chothú d'obair na mbagairtí, an chiaptha, na n-ionsaithe agus an imeaglaithe uile agus gach bagairt, ciapadh, ionsaí agus imeaglú a cháineadh agus a ionchúiseamh go córasach, lena n-áirítear ag polaiteoirí agus daoine poiblí, agus SLAPP i gcoinne chosantóirí chearta an duine agus ghníomhaithe na sochaí sibhialta; á iarraidh go mbeadh idirphlé gníomhach agus oscailte ann leis an tsochaí shibhialta agus go mbeadh sé rannpháirteach i bpróiseas lánpháirtithe AE;

74. á iarraidh go bhfeabhsófaí cosaint agus cur chun cinn na saoirse comhthionóil, saoirse comhlachais agus saoirse chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear trí dhlíthe a thabhairt i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha agus idirnáisiúnta; ag cáineadh an chinnidh ó eintiteas Republika Srpska dréachtdlí a ghlacadh maidir le ENRanna, arb é is aidhm dó

spás agus gníomhaíocht na sochaí sibhialta a laghdú agus go bhfuil an baol ann go ndéanfaí obair cuid mhaith dá heagraíochtaí a choiriúlú, agus iad siúd a fhaigheann cistiú idirnáisiúnta a lipéadú mar ghníomhairí eachtracha; ag tathant ar Thionól Náisiúnta Republika Srpska gan an reachtaíocht sin a ghlacadh;

75. á athdhearbhú go bhfuil gá le bainistiú imirce agus tearmainn atá bunaithe ar an dlúthpháirtíocht lena seastar le cearta an duine agus leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear in ionaid choinneála, agus le dáileadh iomchuí, díniteach agus cothrom na n-acmhainneachtaí glactha ar fud na tíre, le cuimsiú éifeachtach ghníomhaithe na sochaí sibhialta sa fhreagairt ar ghlacadh chun faireachán a áirithiú; ag tabhairt dá haire gur gá comhoibriú agus comhordú le Ballstáit chomharsanachta AE; á chur i bhfios go láidir prionsabal an *non-refoulement* agus an toirmeasc ar íde mhídhaonna i bhfilleadh; ag aithint na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh chun feabhas a chur ar an gcomhordú ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal idirnáisiúnta; á chur in iúl gur geal léi gur cuireadh tús leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontú stádais uasghrádaithe na Boisnia agus na Heirseagaivéine leis an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) agus á iarraidh go dtabharfaí chun críche go tráthúil í chun cosaint agus bainistiú níos fearr ar a teorainneacha a éascú, i gcomhréir le cearta bunúsacha agus caighdeáin idirnáisiúnta; á chur in iúl gur oth léi easnaimh leanúnacha san imirce agus sa bhainistiú teorainneacha, in ainneoin tacaíocht airgeadais shuntasach ón Aontas don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, agus á iarraidh go mbeidh acmhainneacht mhéadaithe ann chun freagairt ar ghéarchéimeanna; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di tuairiscí ar bhrú siar foréigneach isteach sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin; á chur i bhfáth gur gá trédhearcacht agus grinnscrúdú daonlathach a mhéadú maidir le leithdháileadh agus cur chun feidhme chistí AE sa réimse sin, go háirithe na cistí atá curtha chun feidhme ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce; á chur in iúl gur cúis bhuartha di na tuarascálacha maidir le dálaí glactha neamhleora san ionad atá maoinithe ag AE in Lipa;

76. á chur in iúl gur geal léi gur glacadh an Straitéis maidir le hImirce agus Tearmann don tréimhse 2021-2025 agus á iarraidh ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin an plean gníomhaíochta gaolmhar a ghlacadh go pras; á iarraidh ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin luas, fad agus cáilíocht na nósanna imeachta tearmainn agus na dálaí maireachtála agus sábháilteacht in ionaid ghlactha shealadacha a fheabhsú;

77. ag tathant ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin dlús a chur leis na hiarrachtaí i gcoinne na coireachta trasteorann, go háirithe gáinneáil ar dhaoine agus gáinneáil aindleathach ar airm; á chur i bhfios go láidir an gá atá le feabhas a chur ar oiliúint agus ar acmhainneachtaí na bPóilíní Teorann agus ag tabhairt dá haire leithdháileadh ciste EUR 5 mhilliún de chuid IPA III in 2022 chun na críche sin ón gCoimisiún;

78. á iarraidh ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin ailíniú iomlán a dhéanamh le beartas víosaí AE d’fhonn timpeallacht imirce agus slándála dea-bhainistithe a áirithiú;

***Athchóirithe socheacnamaíocha***

79. á chur in iúl gur geal léi gur glacadh straitéis le haghaidh athchóiriú ar bhainistíocht airgeadais phoiblí ar gach leibhéal rialtais, an Clár um Athchóiriú Eacnamaíoch do 2023-2025, an Dréachtdlí maidir leis an mBuiséad agus an Doiciméad maidir le Creat Buiséid don tréimhse 2023-2025, agus á iarraidh go gcuirfear chun feidhme go

críochnúil iad; ag tathant ar na húdaráis córais rialaithe inmheánaigh éifeachtacha, trédhearcacht buiséid agus bearta buiséadacha inbhuanaithe a bhunú d'institiúidí stáit; ag aithint atosú dearfach na cinnteoireachta ar leibhéal an stáit agus á chur in iúl gur geal léi an feabhas atá tagtha ar ionchas creidmheasa ceannasach na Boisnia agus na Heirseagaivéine, tar éis rialtas nua ar leibhéal an stáit a bhunú go tráthúil agus stádas mar iarrthóir a dheonú;

80. ag tathant ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin tosaíocht a thabhairt do bhearta atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht, ar an neamhionannas agus ar chosaint shóisialta, feabhas a chur ar iomaíochas agus ar an timpeallacht ghnó, chomh maith le comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta, borradh a chur faoin éagsúlú eacnamaíoch agus reachtaíocht a thabhairt i réimse CBL agus dleachtanna máil i gcomhréir le reachtaíocht AE; ag tathant ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin, ina theannta sin, na haistrithe digiteacha agus glasa a chur chun cinn, aghaidh a thabhairt ar an ngeilleagar neamhfhoirmiúil agus dul i ngleic leis an dífhostaíocht agus leis an mbochtaineacht, go háirithe i measc daoine óga, ban agus daoine i staideanna leochaileacha, amhail áitritheoirí i gceantair thuaithe, na Romaigh, leanaí agus daoine scothaosta; á iarraidh go gcuirfí creat institiúideach agus rialála leormhaith, lena n-áirítear institiúidí maoirseachta, i bhfeidhm agus go ndéanfaí rialachas níos fearr agus dípholaitithe san earnáil phoiblí;

81. á iarraidh go ndéanfar bearta go práinneach chun aghaidh a thabhairt ar an ardleibhéal leanúnach imirce daoine oilte; á iarraidh ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin aghaidh a thabhairt ar shaincheist na dífhostaíochta i measc na hóige, lena n-áirítear trí bheartais agus cláir a chur chun feidhme chun fostaíocht agus fiontraíocht a chur chun cinn; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé an Ráthaíocht don Aos Óg a fhorbairt sna Balcáin Thiar, chomh maith le tábhacht an oideachais maidir le cuimsiú sóisialta agus forbairt eacnamaíoch a chur chun cinn, agus ag tathant ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin infheistíocht a dhéanamh san oideachas agus san oiliúint;

82. á chur in iúl gur geal léi ceangal na Boisnia agus na Heirseagaivéine le Fís Eorpach agus glacadh chlár Eoraip na Cruthaitheachta 2021-2027; á chur in iúl gur geal léi Tacaíocht AE d'Athchóiriú na hEarnála Sláinte sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin, ar fiú EUR 10 milliún í, agus tacaíocht AE chun earnáil sláinte na Boisnia agus na Heirseagaivéine a neartú tríd an tionscadal 'EU4Health'; á chur in iúl gur geal léi ballraíocht iomlán na Boisnia agus na Heirseagaivéine i Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus ag moladh údaráis agus saoránaigh na Boisnia agus na Heirseagaivéine as a dtacaíocht phras do mhuintir na Tuirce agus na Siria tar éis an chreatha talún a bhí ann an 6 Feabhra 2023;

*Fuinneamh, an comhshaol, forbairt inbhuanaithe agus nascacht*

83. á chur in iúl gur geal léi pacáiste tacaíochta fuinnimh an Choimisiúin dar luach EUR 1 bhilliún i ndeontais AE do na Balcáin Thiar chun cabhrú leo an ghéarchéim fuinnimh a shárú, lena n-áirítear tacaíocht bhuiséadach láithreach de EUR 70 milliún don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, lena gcuirtear cúnamh ar fáil do na teaghlaigh is leochailí chun éifeachtaí an ardaithe ar phraghsanna a mhaolú agus chun tacú le héifeachtúlacht fuinnimh sna hearnálacha cónaithe agus gnó; á chur i bhfios go láidir nach mór na cistí éigeandála a ainmniú chun tacú leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin i dtreo córas

atá tíosach ar fhuinneamh agus atá bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite i gcomhréir le REpowerEU; á mholadh go neartófaí lánpháirtiú na Boisnia agus na Heirseagaivéine i margadh fuinnimh na hEorpa, go háirithe i bhfianaise an ghá atá ann spleáchas fuinnimh ar an Rúis a laghdú, tar éis sheoladh a hionraidh iomláin agus an chogaidh fhoghaigh i gcoinne na hÚcráine; á chur in iúl gur geal léi gur geal léi an tionscnamh Global Gateway le haghaidh Conair Leictreachais Thras-Bhalcánach agus á iarraidh go gcuirfear chun feidhme go pras é;

84. ag tathant ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin plean fuinnimh agus aeráide 2021-2030 atá uaillmhianach, inchreidte agus comhtháite a thabhairt chun críche agus a ghlacadh; á athdhearbhú gur gá dó an reachtaíocht is gá a ghlacadh maidir le gás, leictreachas, fuinneamh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh, i gcomhréir le Conradh an Chomhphobail Fuinnimh, leis an gClár Oibre Glas do na Balcáin Thiar, leis an bPacáiste ‘Fuinneamh Glan do gach Eorpach’ agus le caighdeáin agus cuspóirí beartais eile de chuid an Aontais maidir le cosaint aeráide agus fuinneamh, agus comhchuibhiú iomlán dlíthe ar leibhéal an stáit do mhargadh feidhmiúil fuinnimh a áirithiú;

85. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé éagsúlú foinsí fuinnimh a fheabhsú go pras, i gcomhréir le gealltanais na tíre maidir le dícharbónú; ag tathant ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin tionscadail in earnálacha straitéiseacha, lena n-áirítear bonneagar fuinnimh, a sheachaint agus deireadh a chur leo, ar tionscadail iad a mhéadaíonn spleáchas na tíre ar an Rúis agus ar an tSín; á chur in iúl gur geal léi an fógra ó rialtas cónaidhme na Boisnia agus na Heirseagaivéine diúltú do thogra le haghaidh fochonraitheoir malartach Síneach don ghléasra cumhachta gualbhreoslaithe Tuzla 7 atá beartaithe;

86. á chur in iúl gur geal léi gur roghnaíodh Sairéavó chun páirt a ghlacadh i Misean an Aontais do 100 cathair chliste a bheidh neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2030, a gheobhaidh EUR 360 milliún de chistiú Fís Eorpach lena gcumhdófar an tréimhse 2022-2023;

87. á iarraidh ar údaráis na Boisnia agus na Heirseagaivéine dlús a chur le cur chun feidhme tionscadal faoin bPlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta do na Balcáin Thiar, lena gcuirfí ar chumas na tíre a spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, lena gcuirfí an bealach i dtreo an dícharbónaithe chun cinn agus lena gcabhrófaí le cuspóirí an Chláir Oibre Ghlais a bhaint amach; á chur i bhfios go láidir gur fachtóir spreagtha iad na haistrithe glasa agus digiteacha agus an nascacht inbhuanaithe don chomhtháthú eacnamaíoch réigiúnach agus don lánpháirtiú le AE;

88. ag spreagadh rialtais eintits na Boisnia agus na Heirseagaivéine trédhearcacht a mhéadú trí rannpháirtíocht phoiblí agus trí chomhairliúchán le pobail áitiúla, le saineolaithe eolaíocha agus leis an tsochaí shibhialta agus tionscadail á bpleanáil acu; á chur i bhfios go láidir gur gá measúnuithe straitéiseacha cuimsitheacha comhshaoil *ex ante* a fheabhsú agus iad a ailíniú le forálacha na measúnuithe tionchair ar an gcomhshaol; ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé infheistíochtaí a úsáid ar bhealach trédhearcach agus éifeachtúil;

89. ag tabhairt dá haire na forbairtí dearfacha i gcosaint an chomhshaoil agus ag moladh obair na n-eagraíochtaí comhshaoil áitiúla agus gníomhaithe na sochaí sibhialta; á iarraidh ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin príomhshruthú comhshaoil a mhéadú i mbeartais earnálacha éagsúla agus borradh a chur faoi ionchúiseamh coireanna comhshaoil; ag tathant ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin na dlíthe agus na bearta maidir le cosaint an chomhshaoil a chur i bhfeidhm go docht chun tionchar taighde mianadóireachta agus oibriú mianaigh ar an gcomhshaol a chosc agus a laghdú; á iarraidh ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin líon agus méid na limistéar nádúrtha faoi chosaint a mhéadú agus sláine na bpáirceanna náisiúnta agus na limistéar cosanta eile atá ann cheana a choinneáil;

90. á chur in iúl gur cúis mhór imní di truailliú in aibhneacha; ag tathant ar údaráis na Boisnia agus na Heirseagaivéine dul i ngleic le héilliú ithreach agus uisce, a aibhneacha a chosaint, lena n-áirítear ar thionchar díobhálach na ngléasraí hidreachumhachta beaga, ailíniú breise a dhéanamh le *acquis* AE maidir le cáilíocht an uisce agus cosaint an dúlra, agus bainistiú dramhaíola a fheabhsú go suntasach, lena n-áirítear trí straitéis ar fud na tíre a ghlacadh agus aird ar leith á tabhairt ar éifeachtúlacht acmhainní agus ar bhearta an gheilleagair chiorclaigh;

91. ag tathant ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin cláir éifeachtacha um chosaint agus um fheabhsú cháilíocht an aeir a thionscnamh i gcathracha sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin atá truaillithe go mór, go háirithe i Sairéavó; á chur in iúl gur geal léi, sa chomhthéacs sin, gur ghlac Comhairle na nAirí tionscnamh arb é is aidhm dó astaíochtaí truailleán aeir agus gás ceaptha teasa a laghdú i dtéamh foirgneamh cónaithe agus i dtrácht; á iarraidh ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin truailliú aeir trasteorann a laghdú freisin;

92 ag tabhairt dá haire go bhfuil gá le hiarrachtaí breise ón mBoisnia agus an Heirseagaivéin chun ailíniú breise a dhéanamh le *acquis* AE agus chun é a chur chun feidhme go héifeachtach i ngach réimse den iompar; á chur i bhfios go láidir gur gá feabhas a chur ar chomhchuibhiú agus nascacht inmheánach agus réigiúnach; á mheabhrú go bhfuil gá le bearta athchóirithe nascachta agus ailíniú leis an nGréasán Tras-Eorpach Iompair agus le Gréasáin Fuinnimh Thras-Eorpacha; á chur in iúl gur geal léi na hinfheistíochtaí Eorpacha i mbonneagar bóithre agus iarnróid sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin, go háirithe Conair Vc a fhorbairt, rud a chuirfidh feabhas ar mhalartú eacnamaíoch agus nascacht i réigiún na mBalcán Thiar;

°

° °

93. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig Uachtaránacht na Boisnia agus na Heirseagaivéine, chuig Comhairle Airí na Boisnia agus na Heirseagaivéine, chuig Tionól Parlaiminteach na Boisnia agus na Heirseagaivéine, chuig rialtais agus parlaimintí Chónaidhm na Boisnia agus na Heirseagaivéine, chuig Republika Srpska agus Ceantar Brčko, chuig rialtais na ndeich gcantún agus chuig Oifig an Ardionadaí.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá a rogha léirithe arís agus arís eile ag muintir na Boisnia agus na Heirseagaivéine le haghaidh todhchaí Eorpach a stáit féin. Is ionann stádas an iarrthóra a dheonú agus aitheantas soiléir a thabhairt dá gcuid oibre gan choinne chun an tír a chlaochlú. Is iar-éileamh é freisin ar cheannaireacht pholaitiúil na tíre, a chaithfidh imeacht ó fhéinleas agus tosú ag obair ar mhaithe le saoránaigh uile na Boisnia agus na Heirseagaivéine, agus ar deireadh, athchóirithe a bhfuil géarghá leo a chur i gcrích.

Ní fhágann athruithe móra geopholaitiúla, sóisialta, teicneolaíochta agus comhshaoil aon áit le haghaidh débhríochta agus leisce. Is iad an dlúthpháirtíocht agus an comhar an t-aon uirlis amháin atá ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus bagairtí comhpháirteacha. Le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tá méadú tagtha ar an riachtanas sin agus osclaíodh doras an Aontais i gcoitinne do chomhpháirtithe a dhéanann na hathchóirithe a chur i gcrích agus a áirithíonn ailíniú trasearnálach le comhbheartais.

Le toil pholaitiúil agus tiomantas, is féidir leithscéal samhailteach agus deighiltí dáiríre a shárú trí athmhuintearas agus trí chomhar. Le hathchóirithe institiúideacha agus bunreachtúla, ní mór neamh-idirdhealú agus 'aistriú rianúil ó Dayton go dtí an Bhruiséil' a áirithiú, rud a chruthóidh bonn daingean do stát síochánta feidhmiúil, ina mbeidh comhdheiseanna ag na saoránaigh uile saol polaitiúil agus poiblí a dtíre a mhúnlú.

Tá sé tábhachtach cuimhneamh ar iarrachtaí na sochaí sibhialta, na meán, na státseirbhísigh agus na sealbhóirí oifige neamhspleácha, lena gcumasaítear an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin a chlaochlú ina stát ilchultúrtha bríomhar agus rathúil.

Tacaíonn Parlaimint na hEorpa i gcónaí le conair Eorpach na Boisnia agus na Heirseagaivéine, bunaithe ar an athrú daonlathach agus ar an smacht reachta. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht shuntasach airgeadais agus theicniúil a chur ar fáil chun claochlú agus dul chun cinn na tíre a éascú. Is faoi cheannairí polaitiúla na tíre agus a sochaí atá sé na deiseanna a thapú chun imeacht ó dheighiltí i dtreo iolrachas daonlathach inmharthana ar mhaithe leis an tír ar fad agus a muintir.

Is mithid anois an deis a thapú agus dul chun cinn a dhéanamh maidir le hathchóirithe polaitiúla agus socheacnamaíocha na Boisnia agus na Heirseagaivéine.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 27.6.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 63<br>–: 9<br>0: 3 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alexander Alexandrov Yordanov, François Alfonsi, Maria Arena, Petras Auštrevičius, Traian Băsescu, Anna Bonfrisco, Fabio Massimo Castaldo, Susanna Ceccardi, Włodzimierz Cimoszewicz, Katalin Cseh, Anna Fotyga, Michael Gahler, Kinga Gál, Giorgos Georgiou, Karol Karski, Dietmar Köster, Andrius Kubilius, Ilhan Kyuchyuk, Jean-Lin Lacapelle, David Lega, Miriam Lexmann, Nathalie Loiseau, Antonio López-Istúriz White, Jaak Madison, Lukas Mandl, Thierry Mariani, Marisa Matias, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Sven Mikser, Francisco José Millán Mon, Matjaž Nemec, Demetris Papadakis, Kostas Papadakis, Tonino Picula, Thijs Reuten, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Jacek Saryusz-Wolski, Mounir Satouri, Radosław Sikorski, Jordi Solé, Harald Vilimsky, Viola von Cramon-Taubadel, Thomas Waitz, Witold Jan Waszczykowski, Charlie Weimers, Isabel Wiseler-Lima, Salima Yenbou, Tomáš Zdechovský, Bernhard Zimniok, Željana Zovko |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Ioan-Rareş Bogdan, Marc Botenga, Angel Dzhambazki, Markéta Gregorová, Rasa Juknevičienė, Andrey Kovatchev, Katrin Langensiepen, Karsten Lucke, Alessandra Moretti, María Soraya Rodríguez Ramos, Bert-Jan Ruissen, Christian Sagartz, László Trócsányi, Mick Wallace |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | João Albuquerque, Margrete Auken, Clare Daly, Cyrus Engerer, Heléne Fritzon, Irena Joveva, César Luena, Antonio Maria Rinaldi, Marco Zullo |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 63 | + |
|---|---|
| ECR | Angel Dzhambazki, Anna Fotyga, Karol Karski, Jacek Saryusz-Wolski, Witold Jan Waszczykowski |
| ID | Anna Bonfrisco, Susanna Ceccardi, Antonio Maria Rinaldi |
| NI | Fabio Massimo Castaldo |
| PPE | Alexander Alexandrov Yordanov, Traian Băsescu, Ioan-Rareş Bogdan, Michael Gahler, Rasa Juknevičienė, Andrey Kovatchev, Andrius Kubilius, David Lega, Miriam Lexmann, Antonio López-Istúriz White, David McAllister, Lukas Mandl, Vangelis Meimarakis, Francisco José Millán Mon, Christian Sagartz, Radosław Sikorski, Isabel Wiseler-Lima, Tomáš Zdechovský, Željana Zovko |
| Renew | Petras Auštrevičius, Katalin Cseh, Irena Joveva, Ilhan Kyuchyuk, Nathalie Loiseau, María Soraya Rodríguez Ramos, Salima Yenbou, Marco Zullo |
| S&D | João Albuquerque, Maria Arena, Włodzimierz Cimoszewicz, Cyrus Engerer, Heléne Fritzon, Dietmar Köster, Karsten Lucke, César Luena, Sven Mikser, Alessandra Moretti, Matjaž Nemec, Demetris Papadakis, Tonino Picula, Thijs Reuten, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos |

| | |
|---|---|
| The Left | Clare Daly, Marisa Matias, Mick Wallace |
| Verts/ALE | François Alfonsi, Margrete Auken, Markéta Gregorová, Katrin Langensiepen, Mounir Satouri, Jordi Solé, Viola von Cramon-Taubadel, Thomas Waitz |

| 9 | - |
|---|---|
| ECR | Charlie Weimers |
| ID | Jean-Lin Lacapelle, Jaak Madison, Thierry Mariani, Harald Vilimsky, Bernhard Zimniok |
| NI | Kinga Gál, Kostas Papadakis, László Trócsányi |

| 3 | 0 |
|---|---|
| ECR | Bert-Jan Ruissen |
| The Left | Marc Botenga, Giorgos Georgiou |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh